Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear

Chuig: Príomhoidí agus Ceanna Tréadchúraim
Gach Iar-bhunscoil Dheontaschúnta

Rathgael House
43 Balloo Road
Bangor
BT19 7PR

31 Lúnasa 2011

A Chomhghleacaí, a chara,

CLÁR UM SHLÁINTE AGUS FOLLÁINE MHOTHÚCHÁNACH NA nDALTAÍ EOLAS LE hAGHAIDH DALTAÍ: ÁBHAIR LEASAITHE

Cuirimse faoi iamh anseo an tsraith leasaithe d'ionsáiteáin dialainne ar thopaicí sláinte mothúchánaí, arna sainaithint mar chúis bhuartha ag daoine óga. Tá na hábhair leasaithe ar fáil i réimse d'fhormáidí – ionsáiteáin dialainne, póstaeir agus bileoga eolais – agus táthar ag súil le go gcuideoidh sé seo leat na topaicí a úsáid ar éagsúlacht de shlite lena chinntiú go mbíonn teacht ag na daltaí ar an eolas seo.

Leanfar le nuashonrú na n-ábhar seo ar bhonn bliantúil agus táthar i ndiaidh tarraingt ar mholtaí a fuarthas ó aiseolas ar shuirbhé a rinneadh ar na mallaibh, a mbainfear tairbhe astu le haghaidh topaicí eile. Déanfaidh an Grúpa Oibre atá freagrach as cur chun cinn an réimse seo den Chlár um Shláinte agus Folláine Mhothúchánach na nDaltaí breithniú ar na moltaí seo agus ar phointí eile atá déanta ag scoileanna mar gheall ar na hábhair a bhaineann le Sláinte agus Folláine Mhothúchánach na nDaltaí. Cuirfear torthaí an tsuirbhé ar fáil duitse i Meán Fómhair 2011.

Fágann na hábhair nuashonraithe seo go mbeidh scoileanna in ann leanúint d'úsáid an táirge laistigh de dhialanna obair bhaile don bhliain acadúil 2012/13 agus fágfaidh na póstaeir inphriontáilte i bhformáid A3 agus A4 agus na bileoga eolais go mbeidh scóip bhreise ag múinteoirí d'fhonn na hábhair seo a úsáid sa seomra ranga le nasc a dhéanamh le topaicí neamhacadúla nó neamhchuraclaim a mbíonn tionchar acu ar dhaltaí. Tá faoi iamh agam chomh maith Áis Mhúinteora lena gcomhlánaítear na topaicí atá clúdaithe. San áireamh san áis seo, tá liosta de shuíomhanna gréasáin úsáideacha le cuidiú le scoileanna teacht ar eolas maidir le sláinte agus folláine mhothúchánach agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chuidiú ag gach múinteoir.

Tá leagan Gaeilge de na hábhair seo ar fáil agus thig leaganacha a dhéanamh i dteangacha eile ach iad a iarraidh. Má tá aon cheisteanna agat fá dtaobh de na hionsáiteáin seo nó más mian leat leagan de na hábhair a iarraidh i dteanga eile, déan teagmháil le Jacinta Sloan, trí ríomhphost ar jacinta.sloan@deni.gov.uk nó tríd an ghuthán ar 0289 1279353.

Is mise le meas,

Mary Potter

Mary Potter
Aonad Tacaíochta Daltaí

INVESTOR IN PEOPLE